**CINNEADH (AE, Euratom) 2022/2518 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Nollaig 2022**

**lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tráth atá gníomh le glacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe, ní mór a fhíorú gurb ionann na Ballstáit a seasann an tromlach cáilithe dóibh agus 65 %, ar a laghad, de dhaonra an Aontais.

(2) Déantar an céatadán sin a ríomh de réir na bhfigiúirí daonra a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ("na Rialacha Nós Imeachta") ([1]).

(3) Foráiltear, le hAirteagal 11(6) de na Rialacha Nós Imeachta, go bhfuil an Chomhairle, le héifeacht ón 1 Eanáir gach bliain, chun na figiúirí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a leasú, i gcomhréir leis na sonraí atá ar fáil d'Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, na Rialacha Nós Imeachta a leasú dá réir don bhliain 2023.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, tá feidhm ag Airteagal 240 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta:

*"IARSCRÍBHINN III*

**Na figiúirí maidir le daonra an Aontais agus daonra gach Ballstáit i gcás chur chun feidhme na bhforálacha maidir le vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle**

| An Ballstát | Daonra | Céatadán de dhaonra an Aontais (%) |
|---|---|---|
| an Ghearmáin | 83 203 320 | 18,59 |
| an Fhrainc | 67 842 582 | 15,16 |
| an Iodáil | 59 607 184 | 13,32 |
| an Spáinn | 47 432 805 | 10,6 |
| an Pholainn | 37 654 247 | 8,41 |
| an Rómáin | 19 038 098 | 4,25 |
| an Ísiltír | 17 734 036 | 3,96 |
| an Bheilg | 11 631 136 | 2,6 |

([1]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

| An Ballstát | Daonra | Céatadán de dhaonra an Aontais (%) |
|---|---|---|
| an Ghréig | 10 603 810 | 2,37 |
| an tSeicia | 10 545 457 | 2,36 |
| an tSualainn | 10 440 000 | 2,33 |
| an Phortaingéil | 10 352 042 | 2,31 |
| an Ungáir | 9 689 010 | 2,17 |
| an Ostair | 8 967 500 | 2,00 |
| an Bhulgáir | 6 838 937 | 1,53 |
| an Danmhairg | 5 864 667 | 1,31 |
| an Fhionlainn | 5 541 241 | 1,24 |
| an tSlóvaic | 5 434 712 | 1,21 |
| Éire | 5 060 004 | 1,13 |
| an Chróit | 3 862 305 | 0,86 |
| an Liotuáin | 2 805 998 | 0,63 |
| an tSlóivéin | 2 107 180 | 0,47 |
| an Laitvia | 1 875 757 | 0,42 |
| an Eastóin | 1 331 796 | 0,3 |
| an Chipir | 904 700 | 0,2 |
| Lucsamburg | 643 648 | 0,14 |
| Málta | 520 971 | 0,12 |
| EU 27 | 447 533 143 | |
| Tairseach (65 %) | 290896543” | |

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK